



Uimhir 29 de 2000

An tAcht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 29 de 2000

**AN tACHT UM INIMIRCIGH
NEAMHDHLEATHACHA (GÁINNEÁIL), 2000**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.
2. Gáinneáil a dhéanamh ar inimircigh neamhdhleathacha.
3. Cumhacht chun feithiclí áirithe a choinneáil.
4. Long, aerárthach nó feithicil eile a fhorghéilleadh.
5. Athbhreithniú breithiúnach.
6. Leasú ar alt 8 den Acht um an Dlí Coiriúil, 1976.
7. Dul isteach, cuardach agus urghabháil.
8. Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bannaí, 1997.
9. Leasú ar Acht na nDídeanaithe, 1996.
10. Leasú ar an Acht Inimirce, 1999.
11. Cionta ag comhlachtaí corpraithe.
12. Caiteachais.
13. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht um Bannaí, 1997	1997, Uimh. 16
Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse, 1956	1956, Uimh. 46
An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995	1995, Uimh. 24
An tAcht um an Dlí Coiriúil, 1976	1976, Uimh. 32
Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach, 1990	1990, Uimh. 12
An tAcht Inimirce, 1999	1999, Uimh. 22
Acht na nDídeanaithe, 1996	1996, Uimh. 17
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961	1961, Uimh. 24
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre (Leasú), 1984	1984, Uimh. 16



Uimhir 29 de 2000

**AN tACHT UM INIMIRCIGH
NEAMHDHLEATHACHA (GÁINNEÁIL), 2000**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO THOIRMEASC GÁINNEÁIL A DHÉANAMH AR
INIMIRCIGH NEAMHDHLEATHACHA AGUS DO LEASÚ
ACHT NA nDÍDEANAITHE, 1996, AGUS AN ACHTA
INIMIRCE, 1999, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH
NITHE GAOLMHARA. [28 Lúnasa 2000]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—(1) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a Léiriú.
mhalairt—

ciallaíonn “inimirceach neamhdhleathach” neamhnáisiúnach a thagann
isteach nó a fhéachann le teacht isteach nó atá tagtha isteach sa Stát go
neamhdhleathach;

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus
Athchóirithe Dlí;

folaíonn “feithicil” aon long, bád, aerárthach nó feithicil inneallghluaiste
de réir bhrí an Achta um Thrácht ar Bhóithre, 1961.

(2) San Acht seo—

- (a) aon tagairt d’alt, is tagairt í d’alt den Acht seo mura gcuirtear in
iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe,
- (b) aon tagairt do mhír nó d’fhomhír, is tagairt í do mhír nó
d’fhomhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in
iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe, agus
- (c) déanfar aon tagairt d’aon achtachán a fhorléiriú mar thagairt
don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le
haon achtachán nó faoi aon achtachán dá éis sin.

2.—(1) Aon duine a eagróidh go dtiocfaidh duine isteach sa Stát,
nó a éascóidh go feasach do dhuine teacht isteach sa Stát, is duine arb
eol dó nó di nó a bhfuil cúis réasúnach aige nó aici lena chreidiúint
gur inimirceach neamhdhleathach an duine nó gur duine é nó í a bhfuil

Gáinneáil a dhéanamh
ar inimirceigh
neamhdhleathacha.

beartaithe aige nó aici tearmann a iarraidh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi,
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)*—

- (a) maidir le haon ní a dhéanfaidh duine seachas ní a dhéanfar le haghaidh luaíochta, nó
- (b) maidir le haon ní a dhéanfaidh duine i gcúrsa a fhostaíochta nó a fostaíochta ag eagraíocht *bona fide* chun cabhrú le duine a bheidh ag iarraidh tearmainn más rud é go n-áirítear ar chríocha na heagraíochta sin cúnamh a thabhairt do dhaoine atá ag iarraidh tearmainn.

(3) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le gníomhartha nó neamhghníomhartha a dhéanfar lasmuigh den Stát mar aon le gníomhartha nó neamhghníomhartha a dhéanfar sa Stát.

Cumhacht chun feithicil áirithe a choinneáil.

3.—(1) I gcás go ndéanfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil mar gheall ar chion faoi *alt 2* agus go bhfuil drochamhras ann gur úsáid an duine feithicil chun an cion a dhéanamh nó chun déanamh an chiona a éascú, féadfaidh an comhalta an fheithicil maille lena trealamh, lena feisteáin agus lena hiarmhais a choinneáil go ceann tréimhse nach faide ná 48 n-uaire an chloig.

(2) Féadfaidh an Chúirt, tráth ar bith roimh dhul in éag don tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuici ag comhalta den Gharda Síochána, más deimhin léi—

- (a) gur cúisíodh an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, nó go bhfuil sé nó sí ar tí a bheith cúisithe, i gcion faoi *alt 2*,
- (b) go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint gur feithicil í a d'fhéadfadh, ar an duine a chiontú ar díotáil sa chion sin, agus ag féachaint *d'fho-alt (6) d'alt (4)*, a bheith ina hábhar d'ordú forghéillte faoi *alt 4*, agus
- (c) go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go ndéanfaí an fheithicil a aistriú amach as an Stát nó go ndíolfáí í nó go ndiúscrófaí í ar shlí eile sula ndéanfaí na himeachtaí mar gheall ar an gcion sin a chinneadh,

ordú a dhéanamh lena n-údarófar don Gharda Síochána an fheithicil a choinneáil níos faide go ceann cibé tréimhse, nach faide ná 3 mhí, a shonrófar san ordú.

(3) Féadfaidh an Chúirt ó am go ham, má tá sí sásta i ndáil leis na nithe dá dtagraítear i *mi-reanna (a), (b)* agus *(c) d'fho-alt (2)*, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuici ag comhalta den Gharda Síochána roimh dhul in éag don tréimhse a shonrófar in ordú faoin alt seo, ordú a dhéanamh lena n-údarófar don Gharda Síochána an fheithicil a choinneáil go ceann cibé tréimhse breise, nach faide ná 3 mhí, a shonrófar san ordú.

(4) Ní dhéanfar feithicil a choinneáil faoin alt seo go ceann tréimhsí is faide ná 2 bhliain san iomlán agus scoirfear d'fheithicil a choinneáil faoin alt seo más imeachtaí achomre na himeachtaí lena mbaineann nó má scoirtear díobh nó má dhéantar an duine lena mbaineann a éigiontú sa chúiseamh lena mbaineann.

(5) Tráth ar bith a bheidh feithicil á coinneáil de bhua an ailt seo, féadfaidh duine a shonraítear i *mír (a), (b) nó (c) d'alt 4(2)* iarratas a dhéanamh chun na Cúirte chun í a scaoileadh agus féadfaidh an Chúirt—

(a) a ordú an fheithicil a scaoileadh gan choinníoll más deimhin léi nach bhfuil feidhm a thuilleadh leis na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*,

(b) an fheithicil a scaoileadh, ar cibé urrús a thabhairt a mheasfaidh sí a bheith sásúil, faoi réir an choinníll go ndéanfar í a sheachadadh ar an nGarda Síochána más rud é—

(i) go gciontaítear an duine lena mbaineann sa chion inar cúisíodh é nó í, agus

(ii) go ndéantar ordú chun í a fhorghéilleadh faoi *alt 4*,

(c) a ordú go ndéanfar an fheithicil a scaoileadh faoi réir cibé coinníollacha eile a mheasfaidh sí is cuí, lena n-áirítear coinníoll nach ndéanfar an fheithicil a aistriú amach as an Stát, a dhíol ná a dhiúscairt ar shlí eile, go dtí go ndéanfar na himeachtaí mar gheall ar an gcion a chinneadh, nó

(d) más rud é go ndearnadh an fheithicil a choinneáil faoin alt seo agus gur scaoileadh í ina dhiaidh sin ar urrús a bheith tugtha faoi *mhír (b)* agus go ndearnadh í a dhíol, a scriosadh nó a dhiúscairt ar shlí eile gan cead ón gCúirt, a ordú go ndéanfar an t-urrús a fhorghéilleadh.

(6) San alt seo, ciallaíonn “Cúirt”—

(a) mura mbeidh an duine lena mbaineann cúisithe i gcion faoi *alt 2* nó má tá sé nó sí cúisithe amhlaidh agus mura mbeidh na himeachtaí mar gheall ar an gcion tionscanta, an Chúirt Dúiche, nó

(b) má tá sé nó sí cúisithe amhlaidh agus má tá na himeachtaí lena mbaineann tionscanta, an chúirt a bheidh ag éisteacht na n-imeachtaí.

4.—(1) I gcás go gciontófar duine ar díotáil i gcion faoi *alt 2* agus gur úsáid an duine feithicil chun an cion a dhéanamh nó chun déanamh an chiona a éascú, féadfaidh an chúirt lena mbaineann, i dteannta nó in ionad aon phionóis arna fhorchur aici faoi *alt 2*, a ordú go ndéanfar an fheithicil, maille lena trealamh, lena feisteáin agus lena hiarmhais, nó an scair chuí den chéanna, a fhorghéilleadh don Stát agus féadfaidh sí cibé orduithe eile a dhéanamh a mheasfaidh sí is gá nó is fóirsteanach chun éifeacht a thabhairt don fhorghéilleadh.

Long, aerárthach
nó feithicil eile a
fhorghéilleadh.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le duine mura rud é, maidir leis an duine a ciontaíodh—

(a) gurb é nó í an t-úinéir ar an bhfeithicil lena mbaineann nó gurb é nó í an t-úinéir ar scair san fheithicil lena mbaineann, nó

(b) gur stiúrthóir nó bainisteoir é nó í ar chuideachta arb í úinéir na feithicle lena mbaineann í nó arb í an t-úinéir ar scair san fheithicil lena mbaineann í, nó

(c) faoi réir *fho-alt (3)*, gurb é nó í an captaen, an tiománaí nó an duine eile a bhí i bhfeighil na feithicle lena mbaineann.

(3) I gcás gurb é nó í an captaen, an tiománaí nó duine eile a bhí i bhfeighil na feithicle lena mbaineann an duine a ciontaíodh, ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* mura rud é go raibh a fhios ag na daoine dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(b)* nó go bhféadfaidís a fháil amach le dúthracht réasúnach go raibh an fheithicil á húsáid chun cion a dhéanamh faoi *alt 2*.

(4) Aon uair a dhéanfar ordú faoin alt seo, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, chun éifeacht a thabhairt don ordú—

(a) an fheithicil lena mbaineann a urghabháil agus a choinneáil, agus

(b) cibé nithe eile a údarófar leis an ordú nó is gá chun na críche réamhráite a dhéanamh.

(5) Ní ordóidh cúirt go ndéanfar feithicil a fhorghéilleadh faoin alt seo i gcás ina ndéanfaidh duine, a éilíonn gurb é nó í úinéir na feithicle nó go bhfuil leas aige nó aici inti ar shlí eile, iarratas go dtabharfaidh an chúirt éisteacht dó nó di, mura rud é go mbeidh deis tugtha don duine chun cúis a shuíomh le nár cheart an t-ordú a dhéanamh.

(6) Le linn do chúirt breithniú a dhéanamh i dtaobh an ndéanfaidh sí ordú faoin alt seo, beidh aird aici ar na nithe seo a leanas—

(a) luach na maoine, agus

(b) na héifeachtaí airgeadais agus na héifeachtaí eile, is dócha a bhainfeadh don duine a mbeartaítear a mhaoín nó a maoín a fhorghéilleadh, de bharr an t-ordú a dhéanamh (á áireamh in éineacht le haon ordú eile a bheartóidh an chúirt a dhéanamh).

(7) Féadfaidh cúirt, le linn di ordú a dhéanamh faoin alt seo, cibé forálacha a chur san áireamh san ordú sin nó, de réir mar is gá sa chás, ordú a dhéanamh d'fhorlónadh an ordaithe sin ina mbeidh cibé forálacha is dealraitheach di is gá chun aon leas atá ag duine, seachas an duine a bhfuil feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis nó léi, sa mhaoín is ábhar don ordú, a chosaint.

(8) Ní bheidh éifeacht le hordú faoin alt seo go dtí go mbeidh an gnáth-am chun achomharc a thionscnamh i gcoinne an ordaithe nó an chiontaithe lena mbaineann dulta in éag nó, i gcás go dtionscnófar achomharc den sórt sin, go dtí go dtabharfar breith go críochnaitheach ar an achomharc sin nó ar aon achomharc breise nó go dtréigfear an t-achomharc sin nó aon achomharc breise nó go dtí go mbeidh an gnáth-am chun aon achomharc breise a thionscnamh dulta in éag.

(9) San alt seo, folaíonn “úinéir”, i ndáil le feithicil is ábhar do chomhaontú fruilcheannaigh (de réir bhrí an Achta um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995), an duine ag a bhfuil an fheithicil sin ina sheilbh nó ina seilbh faoin gcomhaontú sin.

5.—(1) Ní dhéanfaidh duine bailíocht na nithe seo a leanas—

(a) fógra faoi alt 3(3)(a) den Acht Inimirc, 1999,

- (b) fógra faoi alt 3(3)(b)(ii) den Acht Inimirc, 1999,
- (c) ordú ionnarbtha faoi alt 3(1) den Acht Inimirc, 1999,
- (d) diúltú faoi Airteagal 5 d'Ordú na nEachtrannach (Leasú) (Uimh. 2), 1999 (I.R. Uimh. 24 de 1999),
- (e) ordú eisiaimh faoi alt 4 den Acht Inimirc, 1999,
- (f) breith arna tabhairt ag an Aire nó thar ceann an Aire chun iarratas ar stádas dídeanaí a dhiúltú nó moladh ó Údarás Achomhairc dá dtagraítear i mír 13 den doiciméad dar teideal “Nósanna Imeachta chun Éilimh ar Thearmann a Phróiseáil” a ndearna an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí é a leagan, arna leasú, faoi bhráid Thithe an Oireachtais i Márta 1998,
- (g) moladh faoi alt 12 (arna leasú le halt 11(1)(h) den Acht Inimirc, 1999) d'Acht na nDídeanaithe, 1996,
- (h) moladh ón gCoimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe faoi alt 13 (arna leasú le halt 11(1)(i) den Acht Inimirc, 1999) d'Acht na nDídeanaithe, 1996,
- (i) breith ón mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe faoi alt 16 (arna leasú le halt 11(1)(k) den Acht Inimirc, 1999) d'Acht na nDídeanaithe, 1996,
- (j) cinneadh ón gCoimisinéir nó breith ón mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe faoi alt 22 (arna leasú le halt 11(1)(p) den Acht Inimirc, 1999) d'Acht na nDídeanaithe, 1996,
- (k) diúltú faoi alt 17 (arna leasú le halt 11(1)(l) den Acht Inimirc, 1999) d'Acht na nDídeanaithe, 1996,
- (l) cinneadh arna dhéanamh ag oifigeach arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 22(4)(a) d'Acht na nDídeanaithe, 1996,
- (m) breith arna tabhairt ag oifigeach arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 22(4)(b) d'Acht na nDídeanaithe, 1996, nó
- (n) breith faoi alt 21 (arna leasú le halt 11(1)(o) den Acht Inimirc, 1999) d'Acht na nDídeanaithe, 1996,

a cheistiú ar shlí seachas ar mhodh iarratais ar athbhreithniú breithiúnach faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúrteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986)(dá ngairtear ‘an tOrdú’ ina dhiaidh seo san alt seo).

(2) Maidir le hiarratas ar chead chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach faoin Ordú i leith aon cheann de na nithe dá dtagraítear i *bhfó-alt (1)*, déanfar é—

- (a) laistigh den tréimhse 14 lá dar tosach an dáta ar ar tugadh fógra don duine maidir leis an mbreith, an cinneadh, an moladh, an diúltú nó maidir le déanamh an Ordaithe lena mbaineann mura rud é go measfaidh an Ard-Chúirt go bhfuil cúis mhaith dhóthanach ann chun an tréimhse, ar laistigh di a dhéanfar an t-iarratas, a fhadú, agus
- (b) trí fhorriarratas iar bhfógra (a bheidh forasaithe ar an modh a shonraítear san Ordú i leith foriarratais *ex parte* ar chead)

chuig an Aire agus chuig aon duine eile a shonrófar chun na críche sin le hordú ón Ard-Chúirt, agus ní dheonófar an cead sin mura deimhin leis an Ard-Chúirt go bhfuil forais shubstaintiúla ann chun a mhaíomh go bhfuil an bhreith, an cinneadh, an moladh, an diúltú nó an t-ordú neamhbhailí nó gur cheart í nó é a neamhniú.

(3) (a) Cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh na hArd-Chúirte maidir le hiarratas ar chead chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach mar a dúradh nó maidir le hiarratas ar athbhreithniú breithiúnach den sórt sin agus ní bheidh aon ábhar achomhairc ann i gcoinne bhreith na hArd-Chúirte chuig an gCúirt Uachtarach i gceachtar cás ach amháin le cead ón Ard-Chúirt agus ní dheonófar an cead sin ach amháin i gcás go ndeimhneoidh an Ard-Chúirt go bhfuil ponc dlí a ngabhann tábhacht phoiblí eisceachtúil leis i gceist sa bhreith uathí agus gurb inmhiannaithe ar mhaithe le leas an phobail achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Uachtarach.

(b) Ní bheidh feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le cinneadh de chuid na hArd-Chúirte sa mhéid go mbaineann sé le ceist i dtaobh bhailíocht aon dlí ag féachaint d'fhorálacha an Bhunreacht.

(4) Déanfaidh an Ard-Chúirt cibé tosaíocht is féidir léi le réasún, ag féachaint do na himthosca go léir, a thabhairt chun imeachtaí sa Chúirt sin faoin alt seo a chur de láimh.

(5) Féadfaidh Coiste Rialacha na nUaschúirteanna rialacha a dhéanamh chun gur fusa éifeacht a thabhairt *d'fho-alt (4)*.

(6) Déanfar tagairtí san alt seo don Ordú a fhorléiriú mar thagairtí a fholaíonn tagairtí don Ordú arna leasú nó arna athachtú (fara modhnú nó gan mhodhnú) le rialacha cúirte.

Leasú ar alt 8 den Acht um an Dlí Coiriúil, 1976.

6.—Leasaítear leis seo alt 8 den Acht um an Dlí Coiriúil, 1976, i bhfo-alt (1), trí na míreanna seo a leanas a chur isteach in ionad mhíreanna (i) go (k):

“(i) le cion faoin Acht seo,

(j) le cion faoi alt 12 (1) d'Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach, 1990,

(k) le cion faoi alt 112(2) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (arna ionadú le halt 3(7) den Acht um Thrácht ar Bhóithre (Leasú), 1984),

(l) le cion faoi alt 2 den *Acht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000.*”.

Dul isteach, cuardach agus urghabháil.

7.—(1) Más rud é, ar fhaisnéis faoi mhionn a fháil ó chomhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná sáirsint, gur deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go bhfuil fianaise ar chion faoi alt 2 nó fianaise a bhaineann le cion faoi alt 2 le fáil in áit a shonraítear san fhaisnéis, féadfaidh an breitheamh barántas a eisiúint chun an áit sin agus aon daoine a gheofar san áit sin a chuardach.

(2) Maidir le barántas a eiseofar faoin alt seo, údarófar leis do chomhalta ainmnithe den Gharda Síochána, ina aonar nó ina haonar nó in

éineacht le cibé comhaltaí eile den Gharda Síochána agus cibé daoine eile is gá—

- (a) dul isteach, laistigh de 7 lá ó dháta an bharántais, san áit a bheidh ainmnithe sa bharántas agus forneart réasúnach a úsáid más gá,
- (b) an áit sin agus aon daoine a gheofar ann a chuardach, agus
- (c) aon ní a gheofar ann, nó aon ní a gheofar i seilbh duine atá i láthair ann tráth an chuardaigh, a urghabháil, ar ní é a gcreideann an comhalta sin le réasún ina leith gur fianaise é ar chion faoi *alt 2* nó gur fianaise é a bhaineann le cion faoi *alt 2*.

(3) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, ag gníomhú dó nó di de réir barántais arna eisiúint faoin alt seo, a cheangal ar aon duine a gheofar san áit ina ndéanfar an cuardach a ainm agus a sheoladh, nó a hainm agus a seoladh, a thabhairt don chomhalta.

(4) Aon duine—

- (a) a chuirfidh cosc, nó a fhéachfaidh le cosc a chur, ar aon chomhalta den Gharda Síochána ag gníomhú dó nó di de réir barántais arna eisiúint faoi *fho-alt (1)*,
- (b) a mhainneoidh nó a dhiúltóidh ceanglas faoin alt seo a chomhlíonadh, nó
- (c) a thabharfaidh ainm nó seoladh atá bréagach nó míthreorach,

beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána aon duine a ghabháil gan bharántas i gcás drochamhras a bheith ar an gcomhalta go bhfuil cion faoi *fho-alt (4)* déanta ag an duine sin.

(6) San alt seo, folaíonn “áit” aon teaghais, aon fhoirgneamh nó aon chuid d’fhoirgneamh agus aon fheithicil, soitheach, déanmhas nó coimeádán a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid chun earraí a iompar de bhóthar.

8.—Leasaítear leis seo an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bannaí, 1997, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 27:

Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bannaí, 1997.

“27A. Aon chion faoi *alt 2* den *Acht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000.*”.

9.—Leasaítear leis seo Acht na nDídeanaithe, 1996—

Leasú ar Acht na nDídeanaithe, 1996.

- (a) in alt 9, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) Cuirfidh iarratasóir a sheoladh nó a seoladh in iúl don Choimisinéir agus cuirfidh sé nó sí aon athrú ar a sheoladh nó ar a seoladh in iúl don Choimisinéir a luaithe is féidir.”.

- (b) in alt 13(3)(c) (a cuireadh isteach leis an Acht Inimircigh, 1999), trí “15 lá oibre” a chur in ionad “21 lá”,

- (c) in alt 16(3), trí “13(3)(b)” a chur in ionad “13(2)(b)”.

(d) sa Dara Sceideal (a cuireadh isteach leis an Acht Inimirc, 1999)—

- (i) trí “5 bliana” a chur in ionad “10 mbliana” i mír 1,
- (ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír 2—

“2. (a) Is é nó is í an tAire a cheapfaidh comhaltaí an Bhinse.

(b) Ní cheapfar duine chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach mura mbeidh Coimisinéirí na Státseirbhíse, de réir bhrí Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse, 1956, ar chomórtas a sheoladh dóibh faoi alt 29 den Acht sin, tar éis é nó í a roghnú lena cheapadh nó lena ceapadh chun an phoist.”,

agus

(iii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (5):

“5. (a) Beidh an cathaoirleach i seilbh oifige faoi chonradh seirbhíse, i scríbhinn, ina mbeidh cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair, liúntais agus caiteachais agus aoisliúntas) a chinnefidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Airgeadais.

(b) Déanfar cibé luach saothair agus cibé liúntais agus caiteachais a chinnefidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Airgeadais, a íoc le gach gnáthchomhalta.”.

Leasú ar an Acht
Inimirc, 1999.

10.—Leasaítear leis seo an tAcht Inimirc, 1999—

(a) in alt 3—

(i) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Féadfar duine is ábhar d’ordú ionnarbtha faoin alt seo a choinneáil de réir fhorálacha an Achta seo chun a chinntiú go ndéanfar é nó í a ionnarbadh as an Stát.”,

agus

(ii) i bhfo-alt (9), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) (i) Faoi réir mhír (b), i gcás go mbeidh ordú ionnarbtha déanta ag an Aire faoin alt seo, féadfar leis an bhfógra faoi fho-alt (3)(b)(ii) a cheangal ar an duine is ábhar don ordú ionnarbtha aon cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh chun a chinntiú go ndéanfar é nó í a ionnarbadh as an Stát:

(I) teacht i láthair cibé comhalta den Gharda Síochána nó cibé oifigigh inimirc ar cibé

dáta, ag cibé am agus i cibé áit a shonrófar san fhógra;

- (II) aon doiciméad taistil, pas, ticéad taistil nó doiciméad eile a bheidh ina sheilbh aige nó ina seilbh aici agus a mbeidh gá leis chun críche an ionnarbtha sin a thabhairt ar aird do cibé comhalta den Gharda Síochána nó do cibé oifigeach inimirce ar cibé dáta, ag cibé am agus i cibé áit a shonrófar san fhógra;
 - (III) comhoibriú ar aon slí is gá chun a chumasú do chomhalta den Gharda Síochána nó d'oifigeach inimirce doiciméad taistil, pas, ticéad taistil nó doiciméad eile a fháil a mbeidh gá leis chun críche an ionnarbtha sin;
 - (IV) cónaí a bheith air nó uirthi, nó fanacht, i gceantar nó in áit áirithe sa Stát go dtí go n-aistreofar amach as an Stát é nó í;
 - (V) teacht i láthair ag stáisiún sonraithe de chuid an Gharda Síochána nó i láthair oifigigh inimirce shonraithe i gceann eatramh sonraithe go dtí go n-aistreofar amach as an Stát é nó í;
 - (VI) scéala a thabhairt a luaithe is féidir do cibé comhalta den Gharda Síochána nó d'oifigeach inimirce a shonrófar san fhógra faoi aon athrú ar a sheoladh nó a seoladh.
- (ii) I gcás go mbeidh ceanglas san fhógra faoi fho-alt (3)(b)(ii) gníomh a shonraítear i bhfomhír (i) a dhéanamh, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána nó oifigeach inimirce, má mheasann sé nó sí gur gá é chun a chinntiú go ndéanfar an duine lena mbaineann a ionnabadh as an Stát, a cheangal i scríbhinn ar an duine aon cheann amháin nó níos mó de na gníomhartha a shonraítear i bhfo-mhír (i) a dhéanamh, agus beidh éifeacht le haon cheanglas breise den sórt sin amhail is dá mba cheanglas i bhfógra faoi fho-alt (3)(b)(ii) é.
- (iii) Maidir leis an gceanglas breise faoi fho-mhír (ii), tabharfar é, más gá agus más féidir, don duine lena mbaineann i dteanga a thuigeann sé nó sí.”
- (b) in alt 5, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Má tá drochamhras, le cúis réasúnach, ar oifigeach inimirce nó ar chomhalta den Gharda Síochána maidir le duine a bhfuil ordú ionnarbtha i bhfeidhm ina choinne nó ina coinne—

- (a) gur mhainnigh sé nó sí aon fhoráil den ordú nó ceanglas i bhfógra faoi alt 3(3)(b)(ii) a chomhlíonadh,

(b) go bhfuil beartaithe aige nó aici an Stát a fhágáil agus dul isteach i stát eile gan údarás dleathach,

(c) gur scrios sé nó sí a chuid nó a cuid doiciméad céannachta nó go bhfuil sé nó sí i seilbh doiciméad céannachta brionnaithe, nó

(d) go bhfuil beartaithe aige nó aici an t-aistriú amach as an Stát a sheachaint,

féadfaidh sé nó sí é nó í a ghabháil gan bharántas agus é nó í a choinneáil in áit fhorordaithe.”,

agus

(c) in alt 6—

(i) trí “don Oifigeach Clárúcháin de bhun Airteagal 11 d’Ordú na nEachtrannach, 1946 (R. & O.R. Uimh. 395 de 1946), nó don Choimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe de bhun alt 9 (4A) d’Acht na nDídeanaithe, 1996, de réir mar a bheidh” a chur in ionad “don Aire” i mír (b), agus

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(2) I gcás go mbeidh fógra faoin Acht seo curtha chuig duine de réir mhír (b) den fho-alt sin roimhe seo, measfar an fógra a bheith seirbheáilte go cuí ar an duine nó a bheith tugtha don duine ar an tríú lá tar éis an lae ar ar cuireadh amhlaidh é.”.

Cionta ag comhlachtaí corpraithe.

11.—(1) I gcás cion faoin Acht seo a bheith déanta ag comhlacht corpraithe agus go gcruthófar go ndearnadh é le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe nó duine a d’airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaithe.

(2) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, beidh feidhm ag *fo-alt (1)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna bainistíochta nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

Caiteachais.

12.—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Gearrtheideal agus tosach feidhme.

13.—(1) Féadfar an tAcht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000, a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin, le hordú nó le horduithe a dhéanfaidh an tAire, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

